Nuacht Neasáin

Deireadh Fómhair 2011

Nuacht agus Fógraí Ginearálta

Táimid ag druidim le briseadh meán téarma agus tá súil ag foireann na scoile go raibh leath-théarma maith agus taitneamhach ag gach éinne. Bhí leath-théarma an-ghnóthach againn ar scoil agus táim cinnte go bhfuil gach duine ag súil leis an mbriseadh. Tá súil againn go mbeidh briseadh deas ag gach duine. Beidh an scoil ar oscailt arís Dé Luain 07 Samhain. Beidh na cruinnithe tuismitheoirí / múinteoirí ar siúl ar an gCéadaoin / Aoine 16 – 17 Samhain.

Cóisir na Samhna

Tugtar cuireadh speisialta do gach páiste sa scoil teacht ag cóisir na Samhna, Dé hAoine 28 Deireadh Fómhair 2011 i halla na scoile. Iarrtar ar gach duine iarracht a dhéanamh gléasadh suas ar an lá. Bronnfar duais ar an bhfeisteas bailte déanta is fearr. Beidh cead ag na gasúir lón deas a thabhairt ar scoile an lá sin. Meabhraítear do chuile dhuine arís nach bhfuil cead cnónna a thabhairt isteach ar scoil ná aon táirgí le cnónna iontu.

Cártaí Nollag

Tá sé i gceist go mbeidh na cartaí Nollag ar díol arís i mbliana mar a bhí anuraidh, (le pictiúr gach páiste le feiceáil ar charta an ranga sin). Costas €5 an pacáiste a bheas orthu agus 8 gcárta i ngach pacáiste. Beidh díolachán cartaí Nollag ar siúl sa scoil ar an 01 Nollaig.

Airgead Tús Bliana

Má tá aon airgead fós le n-íoc ar chostaisí tús bliana bheimís an-bhuíoch ach é a sheoladh isteach chuig rúnaí na scoile. Míle buíochas do chuile dhuine a d'íoc an t-airgead seo.

Buíochas ar leith

Ba mhaith leis an scoil buíochas ar leith a ghabhéil le hEmer Dollard agus na tuismitheoirí / páistí ar fad a bhí i mbun pacáil málaí i Tesco i mí Dheireadh Fómhair. D'éirigh leo €1200 a bhailiú ar an lá

We are almost at the mid-term break already and we all hope that this half term has been an enjoyable one for everyone. We have spent a very busy eight weeks in the school and everybody is looking forward to the break. We hope that everybody will have a nice break. The school will re-open on Monday the 7th November.Parent Teacher meetings will be taking place on Wed / Thurs 16 - 17 November this year.

Halloween

All children are invited to the annual Cóisir na Samhna in the school hall on Friday, 28th October 2011. Everybody is asked to make an effort to dress up on the day and a prize will be awarded to the most creative / innovative home-made costume. The children can bring in a nice lunch to school on that day but we remind you once again that all nuts and nut products are strictly banned in the school.

Christmas Cards

It is intended to sell the Christmas cards again this year in the same format as last year (every childs picture on his class' card). Packs of 8 cards will cost €5.The Chrismas card sale will take place in the school on the 1st December.

Outstanding Money

If any money is outstanding from the beginning of the school year we would appreciate it if you could forward it to the school secretary. Many thanks

A Special Thanks

Many thanks to everybody who helped with the bag packing at Tesco during the first week in October. Especially to Emer Dollard who co-ordinated the entire day. A sum of €1200 was raised.

Dátaí don Dialann

Dates for your diary

Briseadh Mean Téarma / Mid Term

31/10 – 6/11

Cruinnithe Tuismitheoirí / Múinteoirí

16 & 17 Samhain 2.30 – 5.00

Cuairt Dhaidí na Nollag ar Scoil Neasáin / Daidí na Nollag arrives in Scoil Neasáin

4 Nollaig

Laethanta Saoire na Nollag

Christmas Holidays

22 Nollaig 11.45.

Is féidir an scoil a leanúint ar Twitter anois : @scoilneasain

Chuaigh Rang 1 at thuras chuig Gairdín na Lus, Rang 3 ar thuras chuig Dublin Contemporary agus Rang 6 chuig an Dáil le linn mí Dheireadh Fómhair. Ina theanta sin chaith Rang 5 lá ar oileán an Bhulla agus chaith Rang 4 lá i bPáirc Naomh Áine mar chuid de thionscnamh scoile OWLS.

Rang 1 have visited the Botanic Gardens theis month, Rang 3 the Dublin Contemporary Art exhibition, Rang 6 were in the Dáil, Rang5 spent a day on Bull Island and Rang 4 were on a day out in St Anne's park as part of their involvement in the OWLS programme for schools.

Cúrsaí Peile

D'éirigh le foireann na gcailíní an ceathrú craobh a bhaint amach i mbliana ach faraoir gur bhuaigh foireann láidir ó Rath Fearnáin orthu sa chluiche sin. Buíochas le Joanne Uí Chuirneáin a chabhraigh leis an bhfoireann i mbliana.
Tá na buachaillí ag imirt sa leath chraobh Déardaoin seo chugainn. Guímid adh mór orthu. Buíochas speisialta do mhúinteoirí Seán agus Shane a thugann suas a gcuid ama le dul i mbun traenála leis an bhfoireann

The girls' football team reached the quarter final stage of competition this year but were unfortunately beaten by a stronger team from Rathfarnham. Many thanks to Joanne for the help she gave with this team this year.
The boys' team will play in the semi final of their competition in the next week or so and we wish them well. Many thanks to Múinteoir Shane and Múinteoir Seán for their time and commitment with the team.

Gairdín na Scoile / *The School Garden*

Ba mhaith le hEileen agus Brian buíochas a ghabháil le gach duine a thug tacaíocht don díolachán plandaí mí Bealtaine seo caite. Bailíodh €1954.00 agus tá an t-airgead in úsáid don ghairdín i gcónaí. Ba mhaith leo buíochas ar leith a ghabháil le hEsther Uí Néill agus le Muintir Uí Nechtain (Máire & Peter) do na bláthanna agus na plandaí ar fad a chuir siad ar fáil. Buíochas freisin le Miriam Burnett, Christín Mhci Dhónaill agus Nichola Mhic Chonchoille as an am ar fad a thug siad go flaithiúil ag ullmhú don ócáid agus ag obair le linn an díolacháin. Tá sé i gceist acu margadh plandaí a reáchtáil mí Aibreán seo chugainn agus iarrtar ar dhaoine plandaí, síolta agus gearrthóga a choineáil don mhargadh sin.

Eileen and Brian would like to thank everybody who supported the plant sale last May. They raised €1954 which is being re-invested in the garden. They would like to particularly mention the generousity of Esther Uí Néill and Muintir Uí Neachtain (Máire & Peter) who donated many of the flowers and plants. A special thanks to Miriam Burnett, Christín Mhic Dhónaill and Nichola Uí Chonchoille for their time in preparing for the sale and on the day itself. They intend holding a plant sale next April and are asking for donations of plants, seeds and cuttings for that sale.

Who Want's to be a Thousandaire?

Reáchtáileadh oíche den scoth i gCaisleán Chluain Tarbh ar an 7 Deireadh Fómhair. Bhí breis agus 450 duine i láthair idir tuismitheoirí, iarthuismitheoirí, iarscoláirí múinteoirí agus cairde na scoile. Rinneadh obair chapaill in eagrú na hócáide agus táimid ar fad thar a bheith buíoch do Mhairéad Uí Shúilleabháin agus an coiste iontach as an obair mhór seo a rinne siad. Tá aiseolas an-dearfach faighte againn agus bhí atmaisféar iontach le brath san óstán an oíche sin. Bailíodh breis agus €20,000, méid nach beag do chiste na scoile agus beidh coiste forbartha á bhunú i ndiaidh an bhriseadh chun aghaidh a thabhairt ar an tionscnamh nua atá againn forbairt a dhéanamh ar halla na scoile. Buiochas ar leith freisin leis na hurraí agus na gnónna áitiúla ar fad a chuir urraíocht agus duaiseanna ar fáil don ócáid.

A most enjoyable evening was organised in Clontarf Castle on the 7th October. Over 450 people attended the Who Wants to be a Thousandaire event - parents, past parents, past pupils and teachers and friends of the school. The organising committee under direction from Mairéad Uí Shúilleabháin have put in immense work over the past seven months and are to be congratulated on the wonerful, professional night that they organised. Feedback has been very positive and the atmosphere in Clontarf Castle that night was fantastic. Over €20,000 was raised, which is a phenomenal amount of money and we intend setting up a development committee after the mid-term break to advance the project in hand to develop the school hall. Many thanks also to all the sponsors and to the local businesses that contributed to the event.

Comenius

Chuir Scoil Neasáin fáilte roimh cheathrar múinteoir agus ochtar páiste ón Iorrua agus ceathrar múinteoir agus fiche páiste ó Shasana le linn na seachtaine 4 – 7 Deireadh Fómhair mar chuid den tionscnamh 'Whats Your Move?' Rinne Coiste Comenius, Máire, Aisling agus Tara obair mhór in eagrú na cuairte agus bhain pobal Scoil Neasáin chomh maith leis na cuairteoirí an-taitneamh agus tairbhe as an gcuairt ag foghlaim faoina chéile agus ag roinnt nósanna agus cleachtais. Tá buíochas an-speisialta ag dul do pháistí rang 5 & 6 a chur sóláistí ar fáil don oíche shóisialta, do na clanna a chuir fáilte roimh chuairteoirí isteach ina dtithe agus do na tuismitheoirí, múinteoirí agus páistí ar fad a bhí i láthair ag na hócáidí éagsúla. Do Chumann na dTuistí a rinne comh-ordú ar an oíche shóisialta go raibh maith agaibh agus do Ger Mc Grane as an mbia le linn na seachtaine.

Scoil Neasáin recently welcomed four teachers and eight students from Norway and four teachers and twenty students from Newcastle from the 4-7 October as part of the Whats your Move project. The Comenius committee of Máire, Aisling and Tara co-ordinated the visit and worked very hard in preparing for the event. Everybody had a most enjoyable few days exchanging ideas, customs and practices. We would especially like to thank rang 5 & 6 for providing the cakes and goodies for the social evening, the families who welcomed the visitors into their homes and the parents, children and teachers who attended the various events. Thanks also to Geraldine McGrane for her catering during the week and to Niamh and the Parents Association for their work and co-ordination of the social evening.